*Uimhir* 18 *de* 1991

# An tAcht um Reacht na dTréimhsí (Leasú), 1991

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 18 *de* 1991

# AN tACHT UM REACHT NA dTRÉIMHSÍ (LEASÚ), 1991

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT


Alt

1. Míniú.
2. Dáta eolais chun críocha an Achta seo.
3. Teorainn ama speisialta le haghaidh caingne i leith díobhálacha pearsanta.
4. Maireachtáil cúiseanna caingne lena mbaineann alt 3.
5. Tréimhse theorann a fhadú i gcás míchumais.
6. Tréimhse theorann i gcásanna díobhálacha marfacha.
7. Feidhm an Achta.
8. Gearrtheideal, forléiriú agus comhlua.


Na hAchtanna dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| An tAcht um Dhliteanas Sibhialta, 1961 | 1961, Uimh. 41 |
| An tAcht um Rialú Madraí, 1986 | 1986, Uimh. 32 |
| An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980 | 1980, Uimh. 16 |
| Reacht na dTréimhsí, 1957 | 1957, Uimh. 6 |

*Uimhir* 18 *de* 1991

# AN tACHT UM REACHT NA dTRÉIMHSÍ (LEASÚ), 1991

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ REACHT NA dTRÉIMHSÍ, 1957, TRÍ FHORÁLACHA NUA A DHÉANAMH I LEITH AN DÁTA ÓNA RITHFIDH AN TRÉIMHSE THEORANN MAIDIR LE CAINGNE MAR GHEALL AR DHÍOBHÁLACHA PEARSANTA ÁIRITHE, AGUS DO LEASÚ FORÁLACHA GAOLMHARA I REACHTANNA EILE, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ LE hAGHAIDH NITHE EILE A BHAINEANN LEIS AN MÉID SIN. [10 *Iúil*, 1991]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Míniú.

**1.—**San Acht seo ciallaíonn "an Príomh-Acht" Reacht na dTréimhsí, 1957.

Dáta eolais chun críocha an Achta seo.

**2.—**(1) Chun críocha aon fhorála den Acht seo trína mbeidh an t-am a bhféadfar caingean i leith díobhála a thionscnamh ag brath ar dháta eolais duine (cibé acu is é an duine díobháilte é nó a ionadaí pearsanta nó cleithiúnaí den duine díobháilte) is tagairtí don dáta a raibh eolas aige i gcéaduair ar na fíorais seo a leanas tagairtí do dháta eolais an duine sin:

(*a*) go raibh an duine, a líomhnaítear é bheith díobháilte, díobháilte,

(*b*) gur díobháil shuntasach an díobháil atá i gceist,

(*c*) gur inchurtha an díobháil go hiomlán nó go páirteach i leith gnímh nó neamhghnímh a líomhnaítear gur faillí, núis nó sárú dualgais é,

(*d*) céannacht an chosantóra, agus

(*e*) i gcás go líomhnaítear gur gníomh nó neamhghníomh de chuid duine seachas an cosantóir an gníomh nó an neamhghníomh sin, céannacht an duine sin agus na fíorais bhreise a thacóidh le tionscnamh caingne in aghaidh an chosantóra;

agus is eolas neamhábhartha aon eolas go raibh nó nach raibh, maidir leis an dlí, baint ag faillí, núis nó sárú dualgais le haon ghníomhartha nó neamhghníomhartha.

(2) Chun críocha an ailt seo, folaíonn eolas duine eolas a mbeifí ag súil go réasúnach é a bheith faighte aige—

(*a*) ó fhíorais is intugtha faoi deara nó is infhionnta aige, nó

(*b*) ó fhíorais is infhionnta aige le cuidiú comhairle liachta nó sainchomhairle cuí eile a bhfuil sé réasúnach dó an chomhairle sin a lorg.

(3) D'ainneoin fho-alt (2) den alt seo—

(*a*) ní shocrófar, faoin alt seo, go raibh eolas ag duine ar fhíorais nach infhionnta ach le cúnamh sainchomhairle amháin chomh fada is go ndearna sé gach beart réasúnach an chomhairle sin a fháil (agus, i gcás gur cuí é, gníomhú dá réir); agus

(*b*) ní shocrófar, faoin alt seo, go raibh eolas ag duine díobháilte ar fhíoras is iomchuí i gcás na díobhála, a chlis air a fháil de thoradh na díobhála sin.

Teorainn ama speisialta le haghaidh caingne i leith díobhálacha pearsanta.

**3.—**(1) Caingean, seachas chaingean lena mbaineann alt 6 den Acht seo, a éilíonn damáistí i leith díobhálacha pearsanta do dhuine arb é is cúis leo ná faillí, núis nó sárú dualgais (cibé acu atá nó nach bhfuil an dualgas ann de bhua conartha nó forála a rinneadh le reacht nó faoi reacht nó neamhspleách ar aon chonradh nó ar aon fhoráil den sórt sin),

ní thionscnófar í tar éis trí bliana a bheith caite ón dáta a d'fhabhraigh an chúis chaingne nó ó dháta eolais an duine dhíobháilte (más déanaí sin).

(2) Leasaítear leis seo alt 11(2) den Phríomh-Acht tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (*a*) agus (*b*):

"(*a*) Faoi réir mhír (*c*) den fho-alt seo agus alt 3(1) den Acht um Reacht na dTréimhsí (Leasú), 1991, ní dhéanfar caingean ar tort is bonn di a thionscnamh tar éis sé bliana a bheith caite ón dáta a d'fhabhraigh an chúis chaingne.".

(3) D'ainneoin alt 11(2)(*d*) (a cuireadh isteach le halt 13(8) den Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980) den Phríomh-Acht, féadfar, maidir le caingean ar dhamáistí faoi mhír 13(7) d'Acht sin 1980 arb é atá iontu nó ar áireamh iontu damáistí maidir le díobhálacha pearsanta d'aon duine, í a thabhairt laistigh de dhá bhliain ó dháta eolais an duine dhíobháilte má tá an dáta sin níos déanaí ná an dáta a d'fhabhraigh an chúis chaingne.

(4) An tagairt in alt 21(4)(*b*) den Acht um Rialú Madraí, 1986, d'alt 11(2)(*b*) den Phríomh-Acht forléireofar i mar thagairt d'fho-alt (1) den alt seo.

Maireachtáil cúiseanna caingne lena mbaineann alt 3.

**4.**—(1) Ar dhuine díobháilte lena mbaineann alt 3 den Acht seo d'fháil bháis roimh dheireadh na tréimhse a shonraítear san alt sin, aon chaingean a fhéadfar a thionscnamh chun tairbhe a eastáit maidir le cúis chaingne lena mbaineann an t-alt sin de bhua alt 7 den Acht um Dhliteanas Sibhialta, 1961, féadfar í a thionscnamh tráth ar bith roimh dheireadh trí bliana—

(*a*) ó dháta an bháis, nó

(*b*) ó dháta eolais an ionadaí phearsanta,

cibé acu is déanaí.

(2) Chun críocha an ailt seo—

(*a*) folaíonn "ionadaí pearsanta" aon duine atá nó a bhí ina ionadaí pearsanta don éagach, lena n-áirítear seiceadóir nár chruthaigh an uacht (cibé acu ar thréig sé nó nár thréig sé probháid), agus

(*b*) i gcás duine d'fháil eolais ar an díobháil sula gceaptar é mar ionadaí pearsanta don éagach, glacfar leis gurb é dáta eolais an duine sin dáta a cheaptha mar ionadaí pearsanta.

(3) I gcás níos mó ná aon ionadaí pearsanta amháin a bheith i gceist agus a ndátaí eolais a bheith difriúil, forléireofar fo-alt (1)(*b*) den alt seo mar fho-alt a thagraíonn don dáta is luaithe de na dátaí sin.

Tréimhse theorann a fhadú i gcás míchumais.

**5.**—(1) D'ainneoin aon ní in alt 49(1)(*a*) den Phríomh-Acht, más rud é,—

(*a*) i gcás caingne den chineál lena mbaineann alt 3 den Acht seo, nó

(*b*) i gcás caingne faoi alt 48(1) den Acht um Dhliteanas Sibhialta, 1961 (is caingean i gcás báis ar gníomh éagórach, faillí nó mainneachtain is cúis leis),

go raibh an duine, a raibh an ceart aige an chaingean a thionscnamh, faoi mhíchumas ag an tráth a d'fhabhraigh an ceart sin chuige nó ar dháta a eolais, féadfar an chaingean a thionscnamh tráth ar bith sula mbeidh trí bliana caite ón dáta a scoir sé de bheith faoi mhíchumas nó a d'éag sé, cibé acu is túisce a tharla, d'ainneoin an tréimhse a shonraítear san alt sin 3 a bheith caite, ach beidh feidhm ag alt 49(1)(*c*) den Phríomh-Acht dá réir sin.

(2) Ní bhainfidh fo-alt (1) den alt seo le haon chás inar fhabhraigh an ceart caingne den chéad uair chuig duine éigin (nár dhuine faoi mhíchumas) trína mbeidh an duine faoi mhíchumas ag éileamh.

(3) D'ainneoin alt 49(5) den Phríomh-Acht (a cuireadh isteach le halt 13(8) den Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980), i gcás caingne faoi alt 13(7) den Acht sin 1980, den chineál lena mbaineann alt 3 den Acht seo, beidh éifeacht le fo-ailt (1) agus (2) den alt seo amhail is dá gcuirfí na focail "dhá bhliain" in ionad na bhfocal "trí bliana".

(4) Aisghairtear leis seo alt 49(2) den Phríomh-Acht.

Tréimhse theorann i gcásanna díobhálacha marfacha.

**6.**—(1) Ní dhéanfar caingean faoi alt 48(1) den Acht um Dhliteanas Sibhialta, 1961, a thionscnamh tar éis trí bliana a bheith caite—

(*a*) ó dháta an bháis, nó

(*b*) ó dháta eolais an duine ar chun a thairbhe a thionscnaítear an chaingean,

cibé acu is déanaí.

(2) I gcás níos mó ná duine amháin a bheith i gceist ar chun a dtairbhe a thionscnaítear caingean faoi alt 48(1) den Acht um Dhliteanas Sibhialta, 1961, cuirfear fo-alt (1)(*b*) den alt seo i bhfeidhm ar leithligh maidir le gach duine acu.

(3) I gcás go mbeadh, de bhua fho-alt (2) den alt seo, an chaingean lasmuigh den teorainn ama is infheidhme de bhua fho-alt (1) den alt seo maidir le duine amháin nó níos mó de na daoine ar chun a dtairbhe a thionscnaítear an chaingean, ach gan gach duine acu a áireamh, ordóidh an chúirt go ndéanfar aon duine a mbeadh an chaingean maidir leis lasmuigh den teorainn sin a eisiamh ó na daoine sin ar dóibh a thionscnaítear an chaingean.

(4) Ní thabharfaidh an chúirt ordú den sórt sin má shuitear, i gcás go dtabharfaí an chaingean go heisiach chun tairbhe an duine i gceist, nach mbuafaí ar an gcaingean sin le cosaint teorann, cibé acu de dhroim alt 5 den Acht seo nó de dhroim comhaontaithe idir na páirtithe gan an chosaint a chur suas nó ar shlí eile.

(5) Aisghairtear leis seo alt 48(6) den Acht um Dhliteanas Sibhialta, 1961.

Feidhm an Achta.

**7.—**Beidh feidhm ag an Acht seo maidir le gach cúis chaingne cibé acu a fhabhraíonn sí roimh a dháta rite nó dá éis agus le himeachtaí a bheidh ar feitheamh tráth a rite.

Gearrtheideal, forléiriú agus comhlua.

**8.—**(1) Féadfar an tAcht um Reacht na dTréimhsí (Leasú), 1991, a ghairm den Acht seo.

(2) Forléireofar an Príomh-Acht agus an tAcht seo mar aon ní amháin, agus féadfar Reachtanna na dTréimhsí, 1957 agus 1991, a ghairm díobh le chéile.